
# Costas Stampaí ag Ardú



Eochairfhocail: seachadadh, bailiú, praghas, náisiúnta

Príomhscileanna: éisteacht, scríbhneoireacht, léitheoireacht, labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cén dáta a rachaidh praghas stampaí in airde?
2. Cé mhéad a chosnóidh stampaí náisiúnta?
3. Cén fáth a bhfuil an praghas ag dul in airde?
4. Cén fáth a bhfuil Mamó Matilda ar buile?

**Anois, tar éis duit breathnú ar an mír sin an féidir leat na ceisteanna seo a phlé le do chara in aice leat?**

·An seolann tú mórán litreacha?
·An bhfaigheann tú mórán litreacha?
·An scríobhann do thuismitheoirí litreacha?
·Deir Isabelle san fhíseán nach gceapann sí go mbeidh daoine ag seoladh litreacha i gceann 10 mbliana. An aontaíonn tú léi? Cén fáth?
·An bhfuil stampaí róchostasach anois, an gceapann tú?
·Cén bealaí is féidir cumarsáid a dhéanamh saor in aisce?



# Na Freagraí

1. Dé Máirt 3 Feabhra
2. €1.85
3. Tá praghas stampaí ag ardú ar fud na hEorpa
4. Seolann sí litreacha chuig a deartháireacha i Meiriceá go minic agus éireoidh sé níos costasaí anois.

